CINNTÍ

CINNEADH (AE) 2023/1135 Ó IONADAITHE RIALTAIS NA mBALLSTÁT

an 7 Meitheamh 2023

lena gceaptar Breitheamh den Chúirt Bhreithiúnais

TÁ IONADAITHE RIALTAIS BHALLSTÁIT AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 19 de,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 253 agus 255 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Chuaigh téarma oifige 14 bhreitheamh agus seisear Abhcóidí Ginearálta den Chúirt Bhreithiúnais in éag an 6 Deireadh Fómhair 2021, téarma Marko ILEŠIČ san áireamh.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, ceapachán a dhéanamh don phost sin don tréimhse a thosóidh ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

(3) Moladh go ndéanfaí athnuachan ar théarma oifige Marko ILEŠIČ mar Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais.

(4) Thug an painéal a cuireadh ar bun faoi Airteagal 255 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh tuairim fhabhrach uaidh ar oiriúnacht an iarrthóra sin chun feidhmeanna Breithimh den Chúirt Bhreithiúnais a fheidhmiú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, ceaptar Marko ILEŠIČ ina Bhreitheamh den Chúirt Bhreithiúnais don tréimhse ó dháta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo go dtí an 6 Deireadh Fómhair 2027.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Meitheamh 2023.

An tUachtarán
L. DANIELSSON